



---

---

# Gaelcholáiste Chomáin

---

## Beartas Frith-Cibearbhulaíochta

### Réamhrá

Tá cibearbhulaíocht in ann drochthionchar a bheith aici ar dhaoine, agus cuirtear isteach ar shaol na scoile. Cé go gcuireann teicneolaíocht nua deiseanna iontacha ar fáil do oideachasóirí chomh maith le daoine óga, tá sé rí-thábhachtach go bhfuil a fhios ag gach duine conas an teicneolaíocht seo a úsáid ar bhealach freagrach agus go bhfuil beartais i bhfeidhm chun úsáid fhreagrach a thacú agus a spreagadh.

### Scóip

Tá an doiciméad seo dírithe ar cibearbhulaíocht a chomhrac. Áiríonn cibearbhulaíocht (ach níl sí teoranta do) cumarsáid trí bhealaí leictreonacha agus é mar chuspóir ag an té sin gortú, eagla, náire, faitíos agus/nó anacair a chur ar dhuine amháin nó níos mó ná duine amháin. Áiríonn cibearbhulaíocht úsáid fóin phóca agus an idirlín agus é mar chuspóir duine eile a chur trína chéile. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm maslaí ginearálta nó pearsanú, clúmhilleadh nó bulaíocht lena mbaineann claontacht.

Cé go dtugann an beartas seo aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le cibearbhulaíocht daltaí (m.sh. imthosca ina bhfuil dalta amháin nó níos mó ná dalta amháin ina íospartach de bharr bulaíochta), baineann an beartas leis an bhfoireann teagaisc agus le baill foirne eile, le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus daoine eile sa mhéid is a bhaineann bearta faoin mbeartas seo leo.

Baineann an beartas seo le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a tharlaíonn:

- Le linn am scoile (lena n-áirítear amanna sosa)
- Ag dul chuig an scoil agus ón scoil
- Ar thurais scoile
- Le linn gníomhaíochta seach-churaclaim

Tá sé de cheart ag Gaelcholáiste Chomáin gníomh a dhéanamh i gcoinne bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil a mbíonn tionchar aige laistigh den scoil.

### Cuspóirí

Tá sé mar aidhm ag an beartas seo an méid a leanas a chinntiú:

1. Go bhfuil daltaí, an fhoireann agus tuismitheoirí ar an eolas maidir le cibearbhulaíocht agus an tionchar a bhíonn aici;

2. Go bhfuil an fios, na beartais agus na gnásanna ag baill de phobal na scoile chun dul i ngleic, más gá, le cibearbhulaíocht sa scoil agus laistigh de phobal na scoile; agus
3. Go ndéanann an scoil monatóireacht ar éifeachtúlacht na gnásanna sin agus go leasaíonn siad iad nuair is gá.

Tá Gaelcholáiste Chomáinis tiomanta, a mhéid is incheadaithe trí na hacmhainní atá ar fáil, cabhrú le baill de phobal na scoile a dtaithí foghlama a fheabhsú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua-aimseartha. Tuigeann an scoil go bhfuil ról tábhachtach ag Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide chun tacú le foghlaim, ach gur féidir mí-úsáid a bhaint astu agus go gcruthaíonn siad rioscaí.

Tá sé mar aidhm ag an scoil na scileanna agus an fheasacht a bhfuil gá leo a thabhairt do bhaill phobal na scoile chun na teicneolaíochtaí a úsáid ar bhealach sábháilte agus freagrach agus chun cabhair a thabhairt dóibh siúd a mbíonn deacrachtaí acu. Aithníonn an scoil nach mór a bheith airdeallach maidir le bulaíocht a tharlaíonn lasmuigh den scoil a mbíonn tionchar aici istigh sa scoil.

Tá sé mar aidhm ag Gaelcholáiste Chomáin timpeallacht chomhbhách a chruthú inar féidir leo siúd i bpobal na scoile oibriú agus foghlaim gan aon eagla go dtarlóidh bulaíocht. Tá sé mar aidhm ag Gaelcholáiste Chomáin oideachas a chur ar dhaltaí agus iad a chur ar an eolas faoi conas teicneolaíocht cumarsáide a úsáid go freagrach agus faoi na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhíonn ann nuair a tharlaíonn cibearbhulaíocht agus leanfaidh sí ag cur oideachas ar na daltaí agus iad a chur ar an eolas sna réimsí sin a bhíonn ag athrú go tapa.

## Spriocanna

1. Éiteas scoile a chruthú a thugann spreagadh do dhaltaí eachtraí ina dtarlaíonn cibearbhulaíocht a nochtadh agus a phlé.
2. Cur le feasacht maidir le cibearbhulaíocht mar fhoirm iompair nach bhfuil inghlactha i measc bhainistíocht na scoile, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí.
3. A chinntiú go gcuireann clár Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte na scoile le feasacht maidir leis na fachtóirí a bhaineann le hiompar cibearbhulaíochta agus go fhorbraíonn sé feasacht, scileanna agus iompar na ndaltaí.
4. Gníomhaíochtaí praiticiúla a thógáil chun eachtraí cibearbhulaíochta a sheachaint, m.sh. bearta maoirseachta cuimsitheacha a chinntiú trína gcoinnítear súil ar gach réimse de ghníomhaíochtaí scoile.
5. Gnásanna a fhorbairt chun eachtraí cibearbhulaíochta a thuairisc agus a thaifead.
6. Gnásanna a fhorbairt chun eachtraí cibearbhulaíochta a fhiosrú agus dul i ngleic leo.
7. Clár tacaíochta a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a raibh tionchar ag iompar cibearbhulaíochta orthu agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le hiompar cibearbhulaíochta.
8. Oibriú in éineacht le, agus trí, na gníomhaireachtaí áitiúla éagsúla chun dul i ngleic le hiompar cibearbhulaíocht agus frithshóisialta.

## Príomhbhearta

- Feidhmeoidh an Príomhoide, nó ceapfaidh sé nó sí ball foirne chun feidhmiú, mar Oifig Cibearshábháilteacha, chun maoirseacht a dhéanamh ar na chleachtais agus na gnásanna atá leagtha amach sa bheartas seo agus maoirseacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeartas sin.
- Cinnteoidh an tOifigeach Cibearshábháilteachta go gcoinneoidh an scoil sonraí na ngníomhaíochtaí agus na n-acmhainní a d'fhéadfadh cabhrú chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic le bulaíocht.
- Cuirfear oiliúint ar bhaill foirne chun comharthaí cibearbhulaíochta a aithint agus tabharfar cúnamh dóibh a bheith ar an eolas maidir leis na teicneolaíochtaí a bhíonn in úsáid go coitianta ag leanaí.
- Forbrófar cód comhairle, a athbhreithneofar agus a chuirfear ar an eolas ar bhonn tréimhsiúil chun cabhrú le daltaí iad féin a chosaint ó bheith páirteach i mbulaíocht (mar an té a dhéanann í nó mar an t-íospartach) agus comhairle a chur orthu maidir le heachtraí a thuairisc.
- Cuirfear daltaí ar an eolas maidir le cibearbhulaíocht le linn a gcuid oideachais sa Scoil.
- Táthar ag súil go gcloífídh daltaí agus an fhoireann le beartas na scoile maidir le húsáid ríomhairí sa Scoil.
- Cuirfear eolas agus comhairle ar fáil do thuismitheoirí maidir le cibearbhulaíochta.

## Sainmhíniú ar Chibearbhulaíocht:

Ionsaí a dhéanann duine nó grúpa daoine ar dhaoine eile – iompar ionsaitheach a dhéantar trí bhealaí leictreonacha nó trí dhaoine a fhágáil amach as pobail nó idirghníomhaíochtaí leictreonacha.

Áiríonn Cibearbhulaíocht (ach níl sí teoranta do) cumarsáid trí bhealaí leictreonacha agus é mar chuspóir ag an té sin gortú, eagla, náire, faitíos agus/nó anacair a chur ar dhuine amháin nó níos mó ná duine amháin. Áiríonn cibearbhulaíocht úsáid fóin phóca agus an idirlín agus é mar chuspóir duine eile a chur trína chéile. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm maslaí ginearálta nó pearsanú, clúmhillleadh nó bulaíocht lena mbaineann claontacht.

## Cineálacha iompair lena mbaineann

Soláthraíonn na treoirlínte seo cúnamh chun na cineálacha iompair lena mbaineann cibearbhulaíocht a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu. Tá na bealaí atá ann chun cibearbhulaíocht a dhéanamh ag athrú i gcónaí agus is féidir an liosta seo a leanas de chineálacha iompair bhulaíochta a leathnú i bhfianaise taithí phobal na scoile:

### Láithreáin Fuatha

- Láithreáin a thógáil atá tiomanta do bheith ag magadh faoi dhuine.
- Spreagadh a thabhairt do dhaoine eile a bheith páirteach sa bhulaíocht trí shonraí pearsanta duine a fhoilsiú nó nascadh lena leathanach líonraithe sóisialta.

### Teachtaireachtaí Maslacha

- Teachtaireachtaí maslacha agus/nó bagracha a tharchur.

## **Seomraí comhrá agus fóraim díospóireachta**

- Teachtaireachtaí cruálacha agus/nó maslacha faoi dhuine a phostáil. .

## **Fón Póca**

- Teachtaireachtaí téacs le híomhánna nó físeáin maslacha agus náireacha a sheoladh.
- Glaonna fóin maslacha nó tostacha a dhéanamh.
- Teachtaireachtaí téacs maslacha a sheoladh.

## **Cluichíocht Idirghníomhach**

- Íospartaigh a ghlasáil amach as cluichí.
- Ráflaí bréagacha a scaipeadh faoi dhuine.
- Haiceáil isteach i gcuntas duine.

## **Víris a sheoladh**

- Cláir a dhéanann haiceáil ar dhuine eile a sheoladh.
- Cur isteach neamhúdairithe le gléas ríomhaire.

## **Mí-Úsáid a bhaint as eolas pearsanta**

- Grianghraif, físeáin nó ríomhphoist phearsanta a tharchur.

## **Blaganna**

Blaganna a phostáil in áit a bhfuil daoine eile in ann iad a fheiceáil gan cead a fháil ó úinéir an bhlag.

## **Cosc agus Freagra**

Cuireann an scoil na daltaí ar an eolas maidir le cibearbhulaíocht agus glacann sí na céimeanna riachtanacha chun dul i ngleic léi agus freagairt di.

Léiríonn na bearta seo a leanas croí-lár ghníomhaíochtaí frith-cibearbhulaíochta na Scoile:

- Cultúr agus timpeallacht scoile dearfach;
- Cur chuige ar fud na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Tuiscint chomhroinnte ar cad is brí le bulaíocht agus an tionchar a bhíonn aici;
- Beartais frith-bhulaíochta;
- Taifeadadh agus tuairisciú leanúnach ar iompar bulaíochta;
- Oideachas agus oiliúint;
- Straitéisí coisc lena n-áirítear cur le feasacht
- Straitéisí idirghabhála.

Cuireann Gaelcholáiste Chomáin oiliúint ar fáil don fhoireann conas freagairt go héifeachtach le tuairiscí a bhaineann le cibearbhulaíocht nó ciapadh agus tá córais i bhfeidhm chun freagairt dóibh.

Déanann Gaelcholáiste Chomáin taifead ar gach eachtra a bhaineann le hiompar bulaíochta

lena n-áirítear tuairiscí bulaíochta anaithnid.

Cuireann Gaelcholáiste Chomáin eolas ar fáil maidir le cibearbhulaíocht do gach duine de phobal na scoile.

Tugann Gaelcholáiste Chomáin faoi bhearta coisc agus feasachta agus cuireann sí straitéisí i bhfeidhm le go mbeidh daltaí rannpháirteach ó thaobh dul i ngleic le fadhbanna nuair a fheiceann siad iad.

Is scoil í Gaelcholáiste Chomáin a “insíonn”. Má labhraíonn ball den scoil amach agus nuair a thuairiscíonn siad eachtra cibearbhulaíochta déanfar gníomh cuí ina leith.

Tá sé i beartaithe ag Gaelcholáiste Chomáin rochtain ar láithreáin ghréasáin míchuí a chosc, ag úsáid ballaí dóiteáin, cosaint frith-víreas agus córais scagtha agus níl cead ag aon dalta a bheith ag obair ar an Idirlíon sa Seomra Ríomhairí, nó in aon áit eile laistigh den scoil a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun obair den sórt sin a dhéanamh, gan ball foirne a bheith i láthair.

Cé go bhfuil oideachas agus treoir mar chroílár an méid a dhéanaimid, tá sé de cheart ag Coláiste Chomáin gníomh discipline a ghlacadh (chomh fada le, agus lena n-áirítear, fionraí agus díbirt) i gcoinne na ndaoine sin a bhíonn páirteach i cibearbhulaíocht.

Tacaíonn Gaelcholáiste Chomáin le híospartaigh agus, nuair is gá, oibreoidh siad leis an nGarda Síochána agus gníomhaireachtaí Stáit eile chun na daoine a bhíonn páirteach i ngníomhartha coiriúla a aithint agus chun tacú le híospartaigh.

Bainfidh Gaelcholáiste Chomáin úsáid as, de réir mar is gá, an réimse iomlán smachtbhannaí chun daltaí a cheartú, pionós a ghearradh orthu agus iad a bhaint as an scoil nuair a dhéanann siad bulaíocht ar chomh-dhaltaí nó nuair a dhéanann siad ciapadh ar bhaill foirne ar an gcaoi sin, laistigh agus lasmuigh den scoil araon.

Tá gach ball de phobal na Scoile ar an eolas go bhfuil sé de dhualgas orthu aon sampla de chibearbhulaíocht nó ciapadh a bhfuil a fhios acu faoi nó a amhras orthu faoi a thabhairt ar aird an Phríomhoide

### *Nasc Úsáideacha eile*

- <http://www.webwise.ie> Acmhainn iontach a chlúdaíonn an méid nach mór do scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí fios a bheith acu fúthu d’fhonn dul i ngleic go héifeachtach le cibearbhulaíocht. Tá an láithreán seo á bhainistiú ag an NCTE.  
SPHE Cosc ar Bhulaíocht – Céad Chéimeanna do Mhúinteoirí [http://www.sphe.ie/downloads/bull/bull\\_respond.pdf](http://www.sphe.ie/downloads/bull/bull_respond.pdf)
- Clár Stay Safe <http://www.staysafe.ie/>
- Secondary Assemblies for Online Safety <http://www.optimus-education.com/shop/secondary-assemblies-online-safety-ebook>
- Think B4 U click <http://www.thinkb4uclick.ie/>

- [Facebook page on stopping Cyber-bullying](#)
- Seirbhísí frith-bhulaíochta Bully4u: <http://www.bully4u.ie/>
- Clár Coisc Olweus : <http://www.violencepreventionworks.org>
- [Cyber Bullying: A Prevention Curriculum](#)
- [Bullying Intervention Group\(BIG\)](#)
- <http://old.digizen.org/downloads/cibearbhulaíochtaOverview.pdf>
- <http://facecrooks.com/Safety-Center/Facebook-Privacy-and-Security-Made-Simple-345.html>